An Garda Síochána

Crime Prevention Information Sheet

Maoin Coireachta
Graifití

Graifití – bagairt chostasach!

Is dámáiste coiriúil é graifití gan smacht agus tá sé i gcoinne an dlí. Do dhéantóir na coire féadfar go bhfuil sé de rún é a dhéanamh mar thaispeáint ealaíonta, teachtaireacht bhagartha nó mí-úsáide nó díreach mar ghníomh meargánta de loitiméireacht scriosta. Ar an drochuair, cosúil le gach gníomh eile de dhamáiste coiriúil, tá costais eacnamaíochta ar na páirtithe díobhála agus tá go leor torthaí neamhinmhianaithe don tsochaí i gcoitinne i gceist.

Cuireann graifití míchuibhiúil nó buan teachtaireacht láidir sóisialta amach nach bhfuil meas ar an maoin, nach bhfuil sí faoi rialú cuí agus nach bhfuil an ceantar ina áit tharraingteach le maireachtáil ann nó obair ann. Is féidir le graifití nach bhfuil bainte anuas gníomhartha eile loitiméireachta a spreagadh agus sa deireadh thiar tá fás timpeallachta naimhdeacha agus neamhrialaithe mar thoradh air. Is féidir leis tús a chur le timthriall lofa, rud a ghineann eagla níos mó agus coimthiú do dhaoine a gcaithfidh maireachtáil agus obair sna ceantair seo muna dtéann tú i ngleic leis nó muna bhfuil sé rialaithe.

Ta sé tábhachtach fios a bheith agat nach bhfuil graifití ina obair “ealaíontóir neamhaithne nó uaillmhianach” ach ina ghníomh damáiste coiriúil a spreapann tuilleadh gníomhartha coiriúla agus a bhfuil costais eacnamaíochta sóisialta aige a gcaithfidh a bheith íoctha ag gach duine.

Ciallaíonn graifití chomh maith:

- Costais glanta suas gur féidir a athrú go mór ag brath ar an dromchla atá á aghloit
- Aghlot mhímhaiseach ar structúir
- Faitíos mhéadaithe roimh choireacht
- Spreagadh cineálacha eile coireachta agus loitiméireachta
- Tarraingt nó gríosú chun maireachtáil agus obair sa cheantar a laghdú
- Praghsanna Maoine ag titim
- Infheistíocht isteach laghaidhe agus fostaíocht laghdaithe

Bhfuil patrún ag graifití?

Bíonn níos mó graifití á dhéanamh ag daoine atá taobh istigh de trí ghrúpa nó catagóir i gcoitinne.

Ar an gcéad dul síos is “scríobhneoirí” iad. Bíonn siad seo freagrach go hiondúil as roinnt de na stíleanna is craobhlasraí nó is ealaíonta de ghraifití. Oibríonn siad go hiondúil i ngrúpaí beaga agus cuireann siad a gcuid oibre ar taispeáint in áiteanna ard-sofheicthe ar nós i mbarr foirgnimh, ar struchtúir droichid nó in íosbhealaí. Tógfaidh siad an-chuid ama agus iarrachta, lena n-áirítear rioscaí, chun a gcuid oibre a chur ar taispeáint. Sé an toradh air seo ná tuilleadh iomaíochta ó dhaoine aonair atá ar aon intinn leo agus iomadú na faidhbe. Ar an dara dul síos bíonn dream ar nós “taggers” atá ina ndaoine aonair i gcoitinne a bhfuil síniú nó scríbhneoireacht phearsanta nó stíle acu. Is é a gcuid spreagtha ná an oiread ceantar aguis is féidir a aghlot lena gcuid oibre. Sa deireadh thiar thall ar fad féadfar gur dream aitheanta nó grúpaí mídhleathacha iad a dteastaíonn uathu treachtaireacht a chur. Bíonn an treachtaireacht seo, a bhíonn ar intinn a bheith bagartha i gcoitinne, scríofa go hiondúil in áit atá ard-sofheicthe.

Tríd agus tríd, áfach, is iondúil gur déagóirí nó daoine óga is ea loitiméirí graifítí. Más tuismitheoir nó caomhnóir tú ba cheart duit a bheith ar faire do chomharthaí soiléire go bhfuil do chuid leanaí páirteach sa ghníomhaíocht seo ar nós sealbhú ar channaí péint spraeála agus marcóirí nó iarmhar péinte ar a gcuid méaracha agus a gcuid éadaí. Is féidir maoin phearsanta nó leabhair atá marcáilte go trom a bheith acu – an bhféadfeá mar thuismitheoir ‘lipéad’ do linbh a aithint?

Le haghaidh tuilleadh eolais air seo nó ar aon shaincheisteanna eile maidir le Cosc ar Choireacht, déan teagmháil le do thoil le
d’Oifigeach Garda um Chosc ar Choireacht áitiúil
nó
tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána ag www.garda.ie

Arna eisiúint ag Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht, Ceannchéathrú an Gharda Síochána, Cearnóg Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Aibreán 2009

Cosc ar Ghraifití agus Rialú

Is é an bealach is fearr le graifití a chosc ná machnamh a dhéanamh ar na ceantair féideartha, san áit gur féidir leis tarlú i gcaitheamh staideanna pleanála agus dearctha foirgnimh. Roghnú dromchlaí an bhalla nó an fhoirgnimh go cúramach agus teorannú na gceantar le scríobh orthu is ea a bheidh i gceist anseo. Ní bheidh balla uigeachta agus dromchlaí loma móra is lú chomh tarraingteach céanna don loitiméir graifití. A oiread póiriúil is atá an dromchla is ea a oiread deacra is ea a bheidh sé le glanadh. Beidh adhmad agus bricí níos tarraingtaí ná mar a bheidh struchtúir eile miotail nó ceantair atá ina gceantair péinteáilte ola-bhunaithe.

I gceantair atá bunaithe le fada is féidir scaipeadh an ghraifití a chosc le húsáid stráitéiseach plandaí, ar nós falú deilgneach nó aithreacha a fhásann go sciobtha, ar bhallaí atá i mbaol . Ba cheart machnamh a dhéanamh ar bhallaí nó ceantair móra bána d'fhógraíocht nó taispeáint dleathach a úsáid. I gceantair taobh istigh den doras, go háirithe leithris poiblí, is féidir le húsáid boird ainmnithe graifití teorann a chur le damáiste do bhallaí agus do dhoirse go mór as radharc an phobail.

Is í an fhoirm is fearr rialú graifití na é a ghlanadh suas go tapaidh agus go cuí. Cuirfidh sé seo stop le stíl aithrise leathnaithe agus cuirfidh sé teorann lena ateagmhais. Léiríonn sé freisin go bhfuil úinéireacht agus rialú ar an maoin agus cuireann sé obair an loitiméara ó rath. Ní dócha go bhfillfidh oibritheoirí graifítí ar cheantair, san áit ar chaith siad a gcuid ama agus a gcuid airgid, chun a fháil go mbíonn a gcuid oibre i gcónaí bainte anuas go sciobtha. Ba cheart an dromchla ar fad atá aghlota a bheith glanta nó péint curtha air agús ní ag clúdach spotaí ar an gceantar atá thíos leis amháin mar gheall ar gur féidir leis seo athchionta a spreagadh ag an gciontach.

Ag clúdach spotaí – Níl sé molta.

Tá sé ríthábhachtach go bhfuil feasach ag daoine atá fostaithe i mbaint anuas graifití ar spotaí dubha agus go n-úsáideann siad ábhair nó péint a dhíspreagóidh ateagmhais féideartha.

Tabharfaidh na grianghrafannna seo a leanas smaoineamh ar cén chaoi gur féidir le graifití comharsanacht agus earraí bunúsachta inti a aghlot. Níl aon ní tarraingteach sa chineál seo iompraíochta – taispeánann sé neamhaird agus díspreagadh iomlán do dhaoine atá ag maireachtáil sa cheantar, dá gcuid maoine agus don timpeallacht trí chéile.

Fuinneoig agus doirse aghlota

Méadar loctha atá aghlota

Boscaí athchúrsála agus cabinéad úsáidte atá aghlota

Cosán agus comhartha tráchta atá aghlota

Níl sé ar intinn an chomhairle atá sa bhileog eolais seo a bheith uileghabhálach nó iomlán.

Ní cheart aon cheo atá san fhoilsiúchán seo a fhorléiriú mar éigeantach, oibleagáideach nó ceaptha dul i gcoinne aon rialacháin reachtúla.

Teagmhálaithe agus Nascanna Úsáideacha

Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht,

Ceanncheathrú an Gharda Síochána,
Cearnóg Fhearchair, Baile átha Cliath 2.
Fón: (01) 6663362, Facs: (01) 6663314
Ríomhphost: crime_prevention@garda.ie

An Garda Síochána

www.garda.ie